**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0024/2024**

23.2.2024

# TUARASCÁIL

maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Eacnamaíche (EPA) idir an tAontas agus Comhphobal Forbraíochta Dheisceart na hAfraice (SADC)
(2023/2065(INI))

An Coiste um Thrádáil Idirnáisiúnta

Rapóirtéir: Joachim Schuster



Aontaithe san éagsúlacht

PR_INI_ImplReport

# CLÁR

**Leathanach**

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN – ACHOIMRE AR FHÍORAIS AGUS AR THORTHAÍ...............3

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR ..........................................................................................................................9

TAIRISCINT I GCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ..................................10

TUAIRIM ÓN GCOISTE UM FHORBAIRT............................................................................25

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH......................................32

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH........33

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN – ACHOIMRE AR FHÍORAIS AGUS AR THORTHAÍ

Ó síníodh EPA AE-SADC, thug Coiste INTA agus Parlaimint na hEorpa faoi na gníomhaíochtaí seo a leanas:

**-**cúig Chruinniú den Ghrúpa Faireacháin,

- dhá mhisean chuig an Afraic Theas chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme EPA AE-SADC.

An 29-31 Deireadh Fómhair 2018, thaistil toscaireacht seachtar Comhaltaí de INTA go Pretoria chun páirt a ghlacadh sa Chomhchruinniú Parlaiminteach idir AE agus an Afraic Theas, ach thug sí cuairt freisin ar Johannesburg agus Baile na Rinne chun measúnú níos fearr a dhéanamh ar chur chun feidhme EPA AE-SADC agus an chaidrimh dhéthaobhaigh trádála agus infheistíochta idir AE agus an Afraic Theas.
Le linn an dara misean go dtí an Afraic Theas an 3-7 Aibreán 2023, thug seachtar comhaltaí INTA cuairt ar Pretoria, Johannesburg agus Baile na Rinne chun cur chun feidhme EPA AE-SADC a phlé.

Ó síníodh EPA AE-SADC, thionóil an toscaireacht um chaidreamh leis an Afraic Theas 26 chruinniú idirpharlaiminteacha san iomlán, inar cumhdaíodh malartuithe maidir le cur chun feidhme EPA AE-SADC.

**Forbhreathnú ar EPA AE-SADC**

Tugadh an Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche (EPA) idir AE agus Comhphobal Forbraíochta Dheisceart na hAfraice (SADC) i gcrích an 10 Meitheamh 2016, idir AE agus 6 thír i nDeisceart na hAfraice. Áirítear ar na tíortha sin an Bhotsuáin, Leosóta, Mósaimbíc, an Namaib, an Afraic Theas, agus Esuaitíní. Tá sé á chur i bhfeidhm go sealadach ón 10 Deireadh Fómhair 2016 ar aghaidh, de bharr nach bhfuil EPA daingnithe ag Ballstáit uile an Aontais. Ghlac Angóla, ball de réigiún SADC, páirt freisin sa chaibidlíocht maidir le EPA AE-SADC. Mar sin féin, níor shínigh an tír an comhaontú in 2015. Ina ionad sin, chomhaontaigh na páirtithe clásal sonrach a chur isteach maidir le haontachas Angóla le EPA.

Tá tábhacht ag baint leis an gcomhaontú sin mar an chéad EPA idir an tAontas agus réigiún na hAfraice. Is ionann é freisin agus an chéad EPA réigiúnach lánoibríochtúil san Afraic, agus déanann na comhpháirtithe uile na ciorruithe taraife a leagtar amach sa chomhaontú a chur chun feidhme.

Ní chuimsíonn an grúpa tíortha SADC EPA bloc iomlán SADC, ach baill d’Aontas Custaim Dheisceart na hAfraice (SACU) agus Mósaimbíc, agus tá rogha ann d’Angóla páirt a ghlacadh sa todhchaí. Tá 16 Bhallstát i gComhphobal Eacnamaíoch Réigiúnach SADC, a dhíríonn go príomha ar fhorbairt eacnamaíoch, síocháin, slándáil, maolú bochtaineachta, agus caighdeán maireachtála níos fearr a bhaint amach do mhuintir Dheisceart na hAfraice trí lánpháirtiú réigiúnach. Tá prionsabail dhaonlathacha agus forbairt inbhuanaithe mar bhonn taca ag na cuspóirí sin, mar a leagtar amach i gConradh SADC a síníodh in 1992. Rinne sé bhall eile de chuid SADC caibidlíocht ar EPAnna leis an Aontas mar chuid de ghrúpaí réigiúnacha éagsúla san Afraic.

Cuireadh tús leis an gcaibidlíocht EPA in 2004 ach cáineadh í mar measadh go bhféadfadh bunú creata saorthrádála le haghaidh earraí i measc náisiún a bhfuil leibhéil éagsúla forbartha agus cumhachta caibidlíochta acu cur isteach ar chórais táirgthe áitiúla, ioncam rialtais a laghdú, agus teacht salach ar sprioc an lánpháirtithe réigiúnaigh.

Tá EPA AE-SADC bunaithe ar phrionsabail Chomhaontú Cotonou agus is é is aidhm dó an bhochtaineacht a laghdú trí chomhpháirtíocht trádála, comhtháthú réigiúnach, comhar eacnamaíoch agus dea-rialachas a chur chun cinn. Áirítear ann rialacha maidir le trádáil in earraí, le rochtain neamhshiméadrach i bhfabhar Stáit SADC EPA. Is féidir táirgí íogaire a dhíolmhú ó léirscaoileadh iomlán, agus is féidir coimircí a chur i bhfeidhm chun táirgeadh intíre agus tionscal naíonán a chosaint. Cuireann Aontas Custaim Dheisceart na hAfraice (SACU) cóireáil saor ó dhleacht agus saor ó chuóta ar fáil do chuid shuntasach d'onnmhairí an Aontais chuig an réigiún, lena gcumhdaítear 84.9 % de na táirgí sin. Tá léirscaoileadh páirteach ag 12.9 % breise d'onnmhairí an Aontais, lena mbaineann taraifí laghdaithe nó cuótaí rátaí taraife.

Tugann an tAontas rochtain láithreach saor ó dhleacht agus saor ó chuóta ar earraí ón mBotsuáin, Leosóta, Mósaimbíc, an Namaib agus Esuaitíní, mar aon le rochtain fhabhrach do 98.7 % d'earraí ón Afraic Theas. Mar chúiteamh air sin, chomhaontaigh Stáit SADC EPA léirscaoileadh na dtaraifí de réir a chéile thar thréimhse suas le 10 mbliana. Bunaíodh coimircí agus bearta speisialta chun táirgí íogaire a chosaint ar léirscaoileadh iomlán. Tá sé d'údarás ag Stáit SADC EPA dleachtanna a mhéadú nó cuótaí a fhorchur ar allmhairí ón Aontas, go háirithe i gcásanna ina gcuireann na hallmhairí sin isteach ar earnáil eacnamaíoch nó ar thionscal intíre ar leith nó ina mbagairt shuntasach orthu.

Díríonn an comhaontú seo go príomha ar thrádáil earraí agus ní thugtar aghaidh leis ar thrádáil seirbhísí, ar infheistíocht ná ar shaincheisteanna eile amhail cearta maoine intleachtúla, iomaíocht, agus soláthar poiblí. Tá foráil ann, áfach, maidir le comhaontuithe a chaibidliú amach anseo maidir leis na hábhair sin. Tá caibidil i EPA AE-SADC maidir le trádáil agus forbairt inbhuanaithe (TSD) ina gcuimsítear gnéithe sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil. Ina theannta sin, tá caibidil ann maidir le réimsí comhair, ina sainítear tosaíochtaí amhail feabhsú iomaíochais agus lena dtugtar aghaidh ar shrianta ó thaobh an tsoláthair de.

Laistigh den chaibidil um an Trádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe, athdhearbhaíonn an dá pháirtí a dtiomantas don trádáil idirnáisiúnta a chur chun cinn ar bhealach a rannchuidíonn le sprioc na forbartha inbhuanaithe (lena gcolúin forbairt eacnamaíoch, forbairt shóisialta, agus cosaint an chomhshaoil). Ina theannta sin, áirítear sa chaibidil sin forálacha lena dtugtar aghaidh ar chaighdeáin agus comhaontuithe iltaobhacha comhshaoil agus saothair. Rud atá tábhachtach, ní thagann na forálacha a bhaineann le hoibleagáidí idirnáisiúnta saothair agus comhshaoil faoi aon sásra um réiteach díospóidí. Ina ionad sin, níl siad faoi réir comhairliúchán ach amháin tríd an gCoiste Trádála agus Forbartha, a bunaíodh faoin EPA agus ina bhfuil oifigigh shinsearacha ón dá thaobh.

**Aontachas Angóla**

Baineann Angóla, atá aicmithe faoi láthair mar thír is lú forbairt (LDC) agus rannpháirtí i Scéim AE na bhFabhar Ginearálaithe (Scéim GSP), tairbhe as cóir fhabhrach. Tagann sé faoin scéim 'Gach ní seachas Airm', lena gcuirtear deireadh le taraifí agus cuótaí le haghaidh gach

allmhairithe earraí ó na tíortha is lú forbairt a thagann isteach san Aontas. Mar sin féin, ós rud é go n-imeoidh Angóla óna stádas LDC i mí Feabhra 2024, caillfidh sé a rochtain fhabhrach ar mhargadh an Aontais faoin scéim 'Gach ní seachas Airm'. Chun rochtain neamhshrianta ar mhargadh an Aontais a choinneáil, chuir Angóla iarratas oifigiúil isteach chun dul isteach in EPA AE-SADC i mí Feabhra 2020. Ina dhiaidh sin, i mí Iúil 2022, d'fhormheas an Chomhairle Chomhpháirteach iarraidh Angóla chun tús a chur le caibidlíocht aontachais.

**Tuarascáil faireacháin chomhpháirteach agus Próiseas athbhreithnithe EPA**

Tá tuarascáil chomhpháirteach faireacháin maidir le EPA AE-SADC á hullmhú faoi láthair ag an Aontas agus ag SADC.
Cuireadh tús leis an bpróiseas tar éis liosta deiridh na dtáscairí faireacháin a chomhaontú go comhpháirteach ag an 7ú Coiste Trádála agus Forbartha i mí Feabhra 2021. Ina dhiaidh sin, scaipeadh ceistneoir bunaithe ar na táscairí sin i measc phointí fócasacha Stáit SADC EPA chun a n-iarrachtaí bailithe sonraí le haghaidh na dtáscairí faireacháin a threorú. Mar sin féin, in ainneoin spriocdhátaí inmheánacha éagsúla a leag Rúnaíocht SADC síos agus an plé ar an ábhar ag a chruinnithe teicniúla, níor chuir Stáit SADC EPA aon ionchur ar fáil.

Mar fhreagairt dó sin, cheap an 8ú Coiste Trádála agus Forbartha comhordaitheoirí faireacháin a dhéanann ionadaíocht thar ceann an Choimisiúin agus Aonad EPA i Rúnaíocht SADC chun obair a dhéanamh ar dhréacht-tuarascáil chomhpháirteach ina n-úsáidtear foinsí sonraí AE agus idirnáisiúnta. Rinneadh é sin i gcomhthráth leis an ionchur a bhfuiltear ag súil leis ó shonraí náisiúnta ó Stáit SADC EPA. Ní go dtí mí Dheireadh Fómhair 2022 a fuair Rúnaíocht SADC ionchur teoranta bailithe sonraí ón Namaib, gan aon ionchur ó aon Stát SADC EPA eile.

Ina dhiaidh sin, mhol na Comhordaitheoirí Faireacháin don 9ú Coiste Trádála agus Forbartha go ndéanfaí dréacht-tuarascáil chomhpháirteach, a tiomsaíodh go príomha ó fhoinsí sonraí AE agus idirnáisiúnta, a scaipeadh ar na Páirtithe uile le haghaidh barúlacha. Rinneadh é sin go luath i mí na Nollag 2022 agus bhíothas ag súil go gcuirfeadh Stáit SADC EPA a gcuid barúlacha ar fáil faoi dheireadh mhí Feabhra 2023.

Sheol an Coimisiún Eorpach meastóireacht chuimsitheach *ex post* ar EPA AE-SADC, i gcomhréir leis an oibleagáid atá air faoin gclásal athbhreithnithe. D'fhoilsigh sé dréacht-tuarascáil tionscanta don mheastóireacht sin an 15 Bealtaine 2023 agus tuarascáil deiridh tionscanta an 21 Meitheamh 2023, inar leagadh amach a chuspóirí, a raon feidhme agus a chur chuige modheolaíochta. Tá cuibhreannas fostaithe ar conradh ag an gCoimisiún faoi cheannas BKP Economic Advisors GmbH/SQ Consult B.V chun staidéar meastóireachta seachtraí a ullmhú. Tacóidh an staidéar meastóireachta seachtraí le meastóireacht an Choimisiúin féin ar an gcomhaontú, agus beidh sé mar bhonn eolais freisin don athbhreithniú comhpháirteach a dhéanfaidh na Páirtithe ar EPA. Tá sé beartaithe an staidéar meastóireachta a thabhairt chun críche faoi mhí Aibreáin 2024. Is é cuspóir na meastóireachta *ex post* a mheas ar éirigh leis an EPA na torthaí a rabhthas ag súil leo a bhaint amach agus a mheas an féidir feabhas a chur ar fheidhmiú an EPA a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn do mholtaí beartais. Cumhdófar sa mheastóireacht tréimhse iomlán chur chun feidhme an chomhaontaithe ó cuireadh tús leis an gcur i bhfeidhm sealadach in 2016, faoi seach 2018 (i gcás Mhósaimbíc) go dtí seo, agus comparáid á déanamh freisin, i gcás inarb iomchuí, le tréimhse réamh-chomhaontú cúig

bliana (i.e. ag tosú in 2011). Cuireann an Coimisiún in iúl, i dtéarmaí raon feidhme geografach, gurb iad na páirtithe sa chomhaontú go príomha a chlúdóidh an mheastóireacht, 'cé go gcumhdófar roinnt éifeachtaí domhanda (e.g. an t-athrú aeráide) freisin'.

Tá na Stáit atá i gComhphobal Forbraíochta Dheisceart na hAfraice i gcoinne rannpháirtíocht chomhpháirteach na ngníomhaithe neamhstáit san fhaireachán ar EPA. Mhol an tAontas go n-eagrófaí comhdháil chomhpháirteach le SADC ar chomóradh cúig bliana EPA, ach níor ghlac an SADC leis an tairiscint. Ina ionad sin, rinneadh foráil do chomhdháil trádála ina mbeadh ionadaithe gnó rannpháirteach.

**Comhthéacs geopholaitiúil atá ag athrú**

Múnlaíonn roinnt tosca geopholaitiúla agus geo-eacnamaíocha an comhthéacs ina gcuirtear EPA AE-SADC chun feidhme, lena n-áirítear na hiarmhairtí a bhaineann le cogadh ionsaithe na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Mar gheall ar phaindéim COVID-19, ar leathnú ghrúpa BRICS agus ar Brexit, leagadh béim bhreise ar an ngá atá le cur chuige difriúil don chaidreamh le Stáit SADC EPA. Ag cruinniú Idirphlé leis an tSochaí Shibhialta maidir leis an meastóireacht ar EPA AE-SADC a tionóladh an 31 Bealtaine 2023, chuir Ard-Stiúrthóireacht Trádála an Choimisiúin i bhfios go láidir go n-éilíonn dúshláin straitéiseacha amhail an cogadh san Úcráin, ról méadaitheach na Síne san Afraic nó an gá atá ag an Aontas le rochtain ar amhábhair chriticiúla go leanfaí de dhlúthchaidreamh trádála idir an tAontas agus Deisceart na hAfraice.

**Trádáil AE-SADC i gcomparáid le príomh-chomhpháirtithe trádála eile**

Is é an tAontas an comhpháirtí trádála is mó atá ag réigiún SADC EPA i measc na Síne, na Stát Aontaithe, na Ríochta Aontaithe, na hIndia, na Brasaíle agus na Rúise, le treocht mhéadaitheach ó síníodh EPA. Is í an tSín amháin a d'éirigh leis an treocht sin a leanúint, ach tá sí fós sa dara háit ó 2016-2022. Tá ag éirí leis na Stáit Aontaithe agus leis an India ach ar leibhéal níos ísle. Éiríonn leis an Aontas Eorpach a bheith ar an gcomhpháirtí is tábhachtaí ó thaobh trádáil earraí de (i measc na gcomhpháirtithe thuasluaite) do na trí gheilleagar is mó i Stáit SADC EPA: an Afraic Theas, arb í an geilleagar is mó é, Mósaimbíc agus an Namaib. Is earraí talmhaíochta agus amhábhair neamhphróiseáilte iad príomh-onnmhairí SADC chuig an Aontas, cé is moite den Afraic Theas. Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin, cé is moite den Afraic Theas, go ndéanann gach Stát SADC EPA eile trádáil go príomha leis an Afraic Theas agus le stáit eile ar mhór-roinn na hAfraice, lena leagtar béim ar chuspóir an chomhtháthaithe réigiúnaigh.

In 2021, ba é an tAontas Eorpach príomh-chomhpháirtí trádála na hAfraice Theas, arb ionann é agus 22 % dá trádáil iomlán. Bhí onnmhairí na hAfraice Theas chuig an Aontas éagsúil, lena n-áirítear agraibhia, feithiclí, ceimiceáin agus innealra, arb ionann iad agus 54 % dá honnmhairí chuig an Aontas. Chuaigh margadh an Aontais chun tairbhe d'earnáil na talmhaíochta go háirithe. Is ionann caipiteal agus earraí breisluacha níos airde agus sciar níos mó d'onnmhairí na hAfraice Theas chuig an AE i gcomparáid leis an gcuid eile den domhan.

Tá na 27 mBallstát ar an láthair is mó i measc comhpháirtithe roghnaithe i dtrádáil earraí le Mósaimbíc. Mar sin féin, tá méadú faoi thrí tagtha ar thrádáil earraí Mhósaimbíc leis an tSín ó 2016 i leith — ó EUR 0.5 billiún go EUR 1.6 billiún in 2022. Ar an gcuma chéanna, tá méadú faoi dhó tagtha ar an trádáil in earraí idir Mósaimbíc agus an India, rud a mhéadaigh ó EUR

0.9 billiún in 2016 go EUR 2.2 billiún in 2022. I gcomparáid leis sin, ní raibh an méadú ar thrádáil earraí idir an tAontas agus Mósaimbíc chomh suntasach céanna, méadú ó EUR 1.7 billiún (2016) go EUR 2.6 billiún (2022).

Shroich gníomhaíocht trádála na Namaibe EUR 16 bhilliún in 2022, agus tháinig méadú aon trian ar an ngníomhaíocht sin ó síníodh EPA in 2016. Tháinig méadú faoi dhó nach mór ar a thrádáil leis an Aontas ó EUR 1.1 billiún go EUR 2 bhilliún. Go suntasach, d'fhás trádáil na Namaibe leis an tSín beagnach naoi mbliana, ó EUR 0.3 billiún go EUR 2.6 billiún, rud a sháraigh an trádáil idir an tAontas agus an Namaib. I gcodarsnacht leis sin, tá na Stáit Aontaithe agus an India i bhfad ar gcúl: EUR 0.6 billiún agus EUR 0.4 billiún faoi seach.

D'fhan an trádáil idir an tAontas agus an Bhotsuáin cobhsaí in ainneoin cur isteach beag in 2020 mar gheall ar an bpaindéim; tháinig sé chuige féin arís in 2022. Murab ionann agus Stáit SADC EPA eile, bhí an tSín ag streachailt chun láithreacht láidir a bhunú sa Bhotsuáin. Mar sin féin, tháinig méadú faoi cheathair ar thrádáil idir an tSín agus an Bhotsuáin ó EUR 0.1 billiún go EUR 0.4 billiún idir 2016 agus 2022, agus thit an trádáil idir AE agus an Bhotsuáin ó EUR 2.6 go EUR 1.8 billiún ó 2021 go 2022.

I measc chomhpháirtithe SADC EPA, tá cumais trádála sách beag ag Esuaitíní agus Leosóta. Shroich trádáil Esuaitíní EUR 4.3 billiún in 2022 (suas ó EUR 2.9 billiún in 2016), agus ba í an tSín a príomh-chomhpháirtí trádála in 2022. Tá luainiú idir EUR 0.1 billiún agus EUR 0.2 billiún tagtha ar thrádáil AE-Esuaitíní ó 2016 i leith. Tháinig méadú suntasach ar thrádáil Leosóta leis an Aontas, agus shroich sí EUR 0.3 billiún in 2022, agus d'fhan a thrádáil leis an tSín ag EUR 0.1 billiún. Ní raibh ach fíorbheagán i gceist le trádáil le comhpháirtithe eile, cosúil leis na Stáit Aontaithe, an Bhrasaíl, an Rúis, agus an Ríocht Aontaithe. Níor shroich trádáil na hIndia le Leosóta ach EUR 0.1 billiún in 2020.

## IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

De bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an Rapóirtéir go bhfuair sé ionchur ó na heintitis nó na daoine seo a leanas agus an tuarascáil á hullmhú aige, go dtí go nglacfar sa choiste í:

| **Eintiteas agus/nó duine** |
| --- |
| Representative United Nations Development Programme, Botswana |
| Representative World Bank, Botswana |
| Representative of the Botswana Ministry of Investment, Trade and Industry |
| SATUCC, BFTU and Bocongo (SADC-Council of NGOs), Botswana |
| Botswana Centre for Human Rights |
| German Ambassador to Botswana |
| Friedrich-Ebert-Stiftung, Botswana Office |
| Deutsche Gesellschaft für internationale Zusammenarbeit (GiZ), Representatives of Botswana and Germany |
| Representatives of the Embassy of Botswana to the EU |
| Head of Unit Department Africa, German Ministry for Development and Cooperation (BMZ) |
| Ambassador of Namibia to the EU |
| Representatives of the Embassy of Mozambique to the EU |
| Representatives of the Embassy of Lesotho to the EU |
| Representatives of the Embassy of Eswatini to the EU |
| Representatives EU Delegation Namibia |
| hanseWasser Bremen GmbH |
| Representatives of City Council of Windhoek, Namibia, |
| Representatives of the Senate of Bremen, Germany |
| Representatives of Trade Union Congress of Namibia (TUCNA) |
| Friedrich-Ebert-Stiftung, Namibia Office |
| Institute for Economic Justice, South Africa |
| Ambassador of the EU to South Africa |
| Trade Representatives, EU Delegation South Africa |
| German Ambassador to South Africa |
| German Chamber of Commerce South Africa |
| Ambassador of the Republic of South Africa to the EU |
| Friedrich-Ebert-Stiftung, South Africa Office |

Déantar an liosta thuas a tharraingt suas faoi fhreagracht eisiach an Rapóirtéara.

# TAIRISCINT I GCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Eacnamaíche (EPA) idir an tAontas agus Comhphobal Forbraíochta Dheisceart na hAfraice (SADC) (2023/2065(INI))**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Stáit Chomhphobal Forbraíochta Dheisceart na hAfraice atá sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche, den pháirt eile[1],

– ag féachaint do rún uaithi an 14 Meán Fómhair 2016 ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus Stáit CCE SADC, den pháirt eile, a thabhairt i gcrích thar ceann an Aontais Eorpaigh[2],

– ag féachaint do rún uaithi an 6 Deireadh Fómhair 2022 maidir le toradh athbhreithniú ón gCoimisiún ar an bplean gníomhaíochta 15 phointe maidir le trádáil agus forbairt inbhuanaithe[3],

– ag féachaint do rún uaithi an 23 Meitheamh 2022 maidir le todhchaí an chaidrimh trádála idir an tAontas agus an Afraic[4],

– ag féachaint do rún uaithi an 25 Márta 2021 maidir le Straitéis nua idir an tAontas agus an Afraic – comhpháirtíocht don fhorbairt inbhuanaithe agus chuimsitheach[5],

– ag féachaint do theachtaireacht an 18 Feabhra 2021 ón gCoimisiún dar teideal Trade Policy Review – An Open, Sustainable and Assertive Trade Policy [Athbhreithniú ar an mBeartas Trádála – Beartas Trádála atá Oscailte, Inbhuanaithe agus Teanntásach] (COM(2021)0066),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2019 dar teideal 'The European Green Deal' [An Comhaontú Glas don Eoraip] (COM(2019)0640),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 5 Márta 2020 dar teideal 'Aontas Comhionannais: Straitéis um Chomhionannas Inscne 2020-2025' (COM(2020)0152),

– ag féachaint do dhoiciméad inmheánach oibre an Choimisiúin an 11 Deireadh Fómhair 2022 dar teideal 'Bileoga faisnéise aonair maidir le cur chun feidhme Chomhaontuithe Trádála an Aontais' (SWD(2022)0730),

– ag féachaint don pháipéar seasaimh ón gCoimisiún maidir leis an Measúnú Tionchair Inbhuanaitheachta chun tacú le caibidlíocht trádála le Angóla d'aontachas EPA AE-

[1] IO L 250, 16.9.2016, lch. 3.
[2] IO C 204, 13.6.2018, lch. 222.
[3] IO C 132, 14.4.2023, lch. 99.
[4] IO C 32, 27.1.2023, lch. 74.
[5] IO C 494, 8.12.2021, lch. 80.

SADC

– ag féachaint don dréacht-Chomhaontú um Infheistíocht Inbhuanaithe a Éascú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Angóla (SIFA AE-Angóla),

– ag féachaint do Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide, lena n-áirítear Comhaontú Pháras 2015,

– ag féachaint do Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe,

– ag féachaint d’fhoilseachán Chomhdháil na Náisiún Aontaithe ar Thrádáil agus Forbairt (UNCTAD) an 19 Deireadh Fómhair 2021 dar teideal ‘Transforming Southern Africa: Harnessing Regional Value Chains and Industrial Policy for Development’ [Deisceart na hAfraice á athrú ó bhonn: Leas a bhaint as Slabhraí Luacha Réigiúnacha agus as Beartas Tionsclaíoch don Fhorbairt’],

– ag féachaint don Chomhaontú lena mbunaítear Limistéar Saorthrádála Ilchríochach na hAfraice,

– ag féachaint don Ráiteas Comhpháirteach ón 26ú Cruinniú Idirpharlaiminteach idir an tAontas agus an Afraic Theas, a tionóladh an 31 Deireadh Fómhair agus an 1 Samhain 2018,

– ag féachaint d’Fhís 2050 SADC,

– ag féachaint do Straitéis agus Treochlár Tionsclaíochta SADC (2015-2063),

– ag féachaint don tuairim féintionscnaimh ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa dar teideal Next Generation Trade and Sustainable Development — Reviewing the 15-point action plan [An Chéad Ghlúin Eile den Trádáil agus don Fhorbairt Inbhuanaithe — an plean gníomhaíochta 15 phointe a athbhreithniú][6],

– ag féachaint don mheastóireacht ex post ar Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche AE-SADC — Tuarascáil Tosaigh an 21 Meitheamh 2023,

– ag féachaint do chruinnithe Choiste Trádála agus Forbartha EPA AE-SADC, go háirithe a shéú agus a naoú cruinniú,

– ag féachaint do Thuarascáil Dhomhanda 2021 maidir le Géarchéimeanna Bia,

– ag féachaint don staidéar ón Ard-Stiúrthóireacht um Sheirbhísí Taighde Pharlaimintigh i bParlaimint na hEorpa an 22 Samhain 2023 dar teideal ‘EU-Southern African Development Community Economic Partnership Agreement:AA geo-economic perspective’ [An Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche (CCE) idir an tAontas agus Comhphobal Forbraíochta Dheisceart na hAfraice (SADC): Dearcadh geo-eacnamaíoch AA’[7]],

[6] IO C 105, 4.3.2022, lch. 40.

[7] Staidéar — ‘ ‘EU-Southern African Development Community Economic Partnership Agreement:AA geo-economic perspective’ [An Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche (CCE) idir an tAontas agus Comhphobal Forbraíochta Dheisceart na hAfraice (SADC):: [An Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche (CCE) idir an

– ag féachaint do Riail 54 dá Rialacha Nós Imeachta, mar aon le hAirteagal 1(1)(e) den chinneadh ó Chomhdháil na nUachtarán an 12 Nollaig 2002 maidir leis an nós imeachta i gcomhair údarú a dheonú chun tuarascálacha féintionscnaimh a tharraingt suas, agus d'Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an gcinneadh sin,

– ag féachaint do thuairim ón gCoiste um Fhorbairt,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta (A9-0024/2024),

A. de bhrí go bhfuil athruithe geopholaitiúla, lena n-áirítear paindéim an choróinvíris, cogadh na Rúise ar an Úcráin agus iarmhairtí eacnamaíocha an chogaidh, ina gcúis le hathshuíomh na hAfraice agus go bhfuil ról níos féinchinntithe ag tíortha an Domhain Theas ar an leibhéal domhanda, rud a chuireann a leasanna agus a rannchuidithe féin chun cinn;

B. de bhrí go leagann comhlachas thíortha tábhachtacha an Domhain Theas in BRICS (an Bhrasaíl, an Rúis, an India, an tSín agus an Afraic Theas), a bhfuil sé thír eile le cur leis ó 2024 tar éis chinneadh chruinniú mullaigh BRICS i mí Lúnasa 2023, béim ar a thábhachtaí atá sé comhar a choinneáil ar bun le náisiúin an Domhain Theas ar théarmaí comhionanna agus cothroma;

C. de bhrí go bhfuil ról lárnach ag an Afraic Theas mar dhéantóir síochána idir an tAontas Eorpach agus mór-roinn na hAfraice agus mar chomhpháirtí chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda;

D. de bhrí go mbeidh Comhaontú iarCotonou ina chreat nua uileghabhálach do gach CCE, lena n-áirítear CCE le SADC, mar aon le bheith ina phríomhthagairt d'athbhreithnithe a dhéanfar amach anseo ar na comhaontuithe sin;

E. de bhrí go bhfuil rannpháirtíocht iomlán na sochaí sibhialta i gcur chun feidhme agus i bhfaireachán CCE AE-SADC ríthábhachtach chun dúshláin, deiseanna agus tosaíochtaí a shainaithint go tráthúil agus chun faireachán a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí comhaontaithe faoi seach;

F. de bhrí go bhfuil Angóla i mbun dul isteach in CCE AE-SADC; de bhrí go bhfuil caibidlíocht maidir le SIFA idir an tAontas agus Angóla tugtha i gcrích ag AE agus Angóla;

G. de bhrí gur bunphrionsabal de chuid na hEagraíochta Domhanda Trádála (EDT) é cóir speisialta dhifreáilte agus gur cheart go dtreoródh prionsabal an Chomhtháthaithe Beartas ar mhaithe le Forbairt caidreamh trádála AE le tíortha atá i mbéal forbartha;

H. de bhrí go gcosnaíonn neamhionannas inscne 6 % ar an meán d'OTI bliantúil an réigiúin ar an Afraic fho-Shahárach, rud a chuireann iarrachtaí na mór-roinne ar mhaithe le forbairt chuimsitheach dhaonna agus fás eacnamaíoch i mbaol; de bhrí go gcuireann méadú aon faoin gcéad ar neamhionannas inscne laghdú 0.75 % ar innéacs forbartha daonna tíre;

---

tAontas agus Comhphobal Forbraíochta Dheisceart na hAfraice (SADC)::Dearcadh geo-eacnamaíoch',] Parlaimint na hEorpa, an Ard-Stiúrthóireacht um Sheirbhísí Taighde Pharlaimintigh, an 22 Samhain 2023.

I. de bhrí go bhfuil dúshláin roimh Stáit CCE SADC amhail éagothromaíochtaí móra agus spleáchas mór ar onnmhairiú amhábhar neamhphróiseáilte agus táirgí talmhaíochta;

J. de bhrí gur léir go bhfuil na neamhionannais sin ina mbacainn ar iarrachtaí tionsclaíochta leathana agus uaireanta go mbíonn éilliú mar thoradh orthu, agus gur gá beartais dhifreáilte a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar neamhionannais eacnamaíocha laistigh de agus idir tíortha i réigiún SADC;

K. de bhrí go bhfuil Fís 2050 SADC bunaithe ar thrí cholún: forbairt thionsclaíoch agus comhtháthú margaidh, forbairt bonneagair chun tacú le lánpháirtiú réigiúnach, agus forbairt caipitil shóisialta agus dhaonna;

L. de bhrí go n-aithnítear i Straitéis Tionsclaíochta SADC agus i dTreochlár 2015-2063 na trí chonair fáis is fearr le haghaidh tionsclaíocht atá bunaithe ar acmhainní sa réigiún: próiseáil tráchtearraí talmhaíochta, próiseáil mianraí, agus slabhraí luacha tionsclaíocha agus seirbhísbhunaithe;

M. de bhrí go bhfuil bearna USD 2.5 trilliún sa mhaoiniú bliantúil os comhair tíortha i mbéal forbartha chun na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) a bhaint amach faoi 2030; de bhrí gur ionstraim í an infheistíocht dhíreach choigríche (FDI) chun Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe agus na SDGanna comhfhreagracha a mhaoiniú; de bhrí go bhféadfadh caipiteal den sórt sin tacaíocht a thabhairt don chruthú fostaíochta agus d’fheabhsuithe sóisialta agus comhshaoil amhail a leagtar amach sna SDGanna; de bhrí, gur cheart go mbeadh an aidhm infheistíocht a mhealladh agus an admháil ann i dteannta a chéile, i gcomhthéacs comhaontuithe infheistíochta idirnáisiúnta (IIAnna), go bhféachfadh na páirtithe sna comhaontuithe sin lena leibhéil cosanta comhshaoil nó lucht saothair a fheabhsú seachas iad a lagú nó a laghdú;

N. de bhrí gurb é cuspóir Straitéis agus Threochlár Tionsclaíochta SADC 2015-2063 slabhraí luacha réigiúnacha agus domhanda a fhorbairt agus páirt a ghlacadh iontu;

O. de bhrí go bhfuil gá le bonneagar iompair agus digiteach chun slabhraí luacha réigiúnacha a fhorbairt agus chun Stáit SADC a chomhtháthú níos mó i slabhraí luacha domhanda;

P. de bhrí gurb iad na gnéithe ríthábhachtacha le haghaidh rannpháirtíocht rathúil sa slabhra luacha ná maoiniú, scileanna, teicneolaíocht, bonneagar agus lóistíocht;

Q. de bhrí gur leathnaigh paindéim COVID-19 go suntasach na bearnaí infheistíochta i Stáit SADC EPA agus gur chuir sí teorainn lena spás fioscach;

R. de bhrí go bhfuil iarmhairtí na mbeart a rinneadh chun scaipeadh COVID-19 a chosc tar éis difear suntasach a dhéanamh do shlite beatha na ndaonraí, go háirithe i stáit Eswatini agus Lesotho, atá ag brath ar Shaothar agus Trasnú Teorann na hAfraice Theas;

S. de bhrí go ndearna luaineacht praghsanna tráchtearraí le linn phaindéim COVID-19 damáiste eacnamaíoch do Stáit CCE SADC atá ag brath ar ioncam ó cháin ó thionscail eastóscacha;

T. de bhrí go gcoinníonn leibhéal íseal táirgthe áitiúil táirgí sláinte an réigiún ag brath ar tháirgeadh idirnáisiúnta chun táirgí sláinte ríthábhachtacha a sholáthar, lena n-áirítear

vacsaíní bunriachtanacha i gcoinne COVID-19;

***Próiseas monatóireachta agus athbhreithnithe EPA***

1. Á chur in iúl gur geal léi an chéad phróiseas athbhreithnithe a seoladh i mí na Samhna 2021 tar éis CCE a bheith curtha i bhfeidhm go sealadach ó 2016 i leith agus ag dréim leis go mbeidh sé in ann an nasc idir CCE agus an fhorbairt inbhuanaithe a léiriú;á iarraidh ar an gCoimisiún oibriú le comhpháirtithe SADC chun trádáil chothrom, chuimsitheach agus inbhuanaithe a chur chun cinn ionas gur féidir le CCE, nuair a chuirfear chun feidhme go héifeachtach é, an fhorbairt inbhuanaithe sa réigiún a áirithiú agus rannchuidiú léi; ag tathant ar an gCoimisiún sa mheastóireacht *ex post* ar CCE AE-SADC anailís chríochnúil a dhéanamh ar thionchar CCE ar SDGanna, ar gheilleagair neamhfhoirmiúla agus áitiúla, ar chomhtháthú réigiúnach agus uile-Afracach, ar éagsúlú eacnamaíoch, ar an gcomhrac i gcoinne an athraithe aeráide, lena n-áirítear an méid a chuireann tionscail intíre leis an iarracht sin, agus ar thacaíocht éifeachtach a thabhairt don Tairseach Dhomhanda agus do chlár AE um Chúnamh don Trádáil i gcomhthéacs CCE AE-SADC;díríonn an comhaontú seo go príomha ar thrádáil earraí agus ní thugtar aghaidh leis ar thrádáil seirbhísí, ar infheistíocht ná ar shaincheisteanna eile amhail cearta maoine intleachtúla, iomaíocht, agus soláthar poiblí. á iarraidh ar na páirtithe na saincheisteanna sin a mheas sna hathbhreithnithe a dhéanfar amach anseo, ós rud é go bhfuil foráil ann maidir le caibidlíocht a dhéanamh ar na hábhair sin amach anseo;

2. Ag athdhearbhú a seasaimh maidir lena thábhachtaí atá rannpháirtíocht na sochaí sibhialta i gcur chun feidhme CCE agus san fhaireachán a dhéantar air; á chur in iúl gur oth léi rannpháirtíocht theoranta na sochaí sibhialta a tugadh faoi deara le linn chur chun feidhme CCE; ag cur béim, ina leith sin, ar an ngá atá le rannpháirtíocht na sochaí sibhialta a chur chun cinn go gníomhach; ag tabhairt dá haire gur féidir le rannpháirtíocht ghníomhach eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus geallsealbhóirí, lena n-áirítear grúpaí ban agus eagraíochtaí mac léinn, sa phróiseas faireacháin agus meastóireachta léargas agus aiseolas luachmhar a chur ar fáil maidir le tionchar an chomhaontaithe ar mhná agus ar dhaoine óga;

3. ag aithint go bhfuil an t-ullmhúchán don tuarascáil chomhpháirteach faireacháin maidir le EPA ag dul chun cinn ar luas níos moille ná mar a bhíothas ag súil leis; ag aithint na srianta acmhainneachta atá ar Stáit SADC EPA ina leith sin; á mheabhrú, de bhun an chur chuige nua maidir le trádáil agus forbairt inbhuanaithe (TSD), gur cheart go mbeadh na geallsealbhóirí ábhartha uile, lena n-áirítear eagraíochtaí na sochaí sibhialta, ionadaithe gnó agus ceardchumainn, rannpháirteach sa mheasúnú sin agus gur cheart spreagadh a thabhairt dóibh moltaí a dhéanamh chun éifeachtacht CCE a uasmhéadú agus gur cheart CCE a nuachóiriú chun Grúpa Comhairleach Baile a bhunú, atá anois ina chleachtas coiteann in CCEanna eile; ag moladh rannpháirtíocht níos struchtúrtha na ngeallsealbhóirí maidir le cur chun feidhme nithiúil na ngnéithe inbhuanaitheachta uile in CCE AE-SADC; ag tathant ar thíortha Stáit CCE SADC na gealltanais a comhaontaíodh faoi CCE a chomhlíonadh agus tabhairt ar ghníomhaithe na sochaí sibhialta a bheith páirteach;

4. Ag aithint go bhfuil gá le socruithe idirthréimhseacha solúbtha chun go gcomhlíonfaidh Stáit Chomhphobal Forbraíochta Dheisceart na hAfraice atá sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche ceanglais TSD sa CCE agus gealltanais idirnáisiúnta eile;

5. Ag dréim leis, ag brath ar thoradh an athbhreithnithe, go ndéanfar CCE a oiriúnú nó a leathnú b’fhéidir i gcomhaontuithe comhlántacha chun an chomhpháirtíocht idir AE agus tíortha Dheisceart na hAfraice a chomhdhlúthú agus a dhoimhniú mar fhreagairt ar athruithe geopholaitiúla agus ar dhúshláin an athraithe aeráide;

6. Á chur in iúl gur geal léi mianta dícharbónaithe Angóla, tír a bhí ag brath go mór ar a tionscail eastóscacha;

7. Á chur in iúl gur geal léi go bhfuil bearta fothaithe acmhainneachta fioscaí á mbeartú faoi chuimsiú SIFA AE-Angóla;

*Comhardú na trádála*

8. Á chur in iúl gur geal léi go bhfuil méadú suntasach tagtha ar an gcaidreamh trádála idir an tAontas agus Stáit CCE SADC, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal déthaobhach araon, agus go bhfuil Stáit CCE SADC in ann barrachas trádála a bhaint amach; á mheas go léirítear leis sin rannchuidiú dearfach CCE leis an bhforbairt eacnamaíoch, cé nár bhain na héifeachtaí dearfacha inmhianaithe ar fhostaíocht, ar chomhar eacnamaíoch réigiúnach ná ar éagsúlú agus nuachóiriú an gheilleagair a n-acmhainneacht amach go fóill agus gur cheart iad a shaothrú mar thosaíocht; ag tabhairt dá haire gur clocha lómhara, earraí adhmaid, iompar,[8]táirgí mianraí agus táirgí talmhaíochta, amhail torthaí agus glasraí, is mó a onnmhairíonn Stáit SADC-CCE chuig an Aontas; ag tabhairt dá haire, áfach, go bhfuil onnmhairí na hAfraice Theas chuig an Aontas níos éagsúla agus go bhfuil earraí breisluacha níos airde san áireamh leo;

9. Ag cur béim ar an bhfíoras, cé is moite den Afraic Theas, go ndéanann Stáit atá in SADC CCE trádáil laistigh den réigiún go príomha; ag tabhairt dá haire gurb ionann trádáil leis an Afraic Theas i gcónaí agus 80 % de thrádáil an Aontais le Stáit Chomhphobal Forbraíochta Dheisceart na hAfraice atá sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche agus nach ionann trádáil earraí na hAfraice Theas le tíortha eile san Afraic ach 17 % dá trádáil eachtrach iomlán; ag tabhairt dá haire gurb ionann trádáil laistigh de SADC agus 23 % de thrádáil iomlán Stáit SADC; ag aithint go bhfuil patrúin trádála laistigh de SADC éagsúil le trádáil dhéthaobhach AE-SADC; á chur i bhfios, ar an iomlán, nach bhfuil aon fheabhas tagtha ar éagsúlú agus go bhfuil sciar na monaraíochta in OTI fós lag; á chur i bhfáth go ndéanfadh geilleagair éagsúlaithe Stáit CCE SADC níos athléimní i gcoinne suaití seachtracha; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé slabhraí luacha réigiúnacha a neartú;

10. Á chur i bhfáth gur cheart do CCE tacú le dinimic nua trádála idir na Páirtithe trí bhíthin léirscaoileadh neamhshiméadrach trádála de réir a chéile eatarthu; á chur i bhfáth freisin gur féidir léi an comhar a threisiú, a leathnú agus a dhoimhniú i ngach réimse atá ábhartha don trádáil agus, dá bhrí sin, feabhas a chur ar an gcomhpháirtíocht idir tíortha SADC agus an tAontas; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá prionsabal an léirscaoilte trádála neamhshiméadrach mar uirlis chun fás eacnamaíoch agus forbairt inbhuanaithe thíortha SADC CCE a chothú;

11. Á chur i bhfios go láidir, cé gur féidir le CCEanna buntáistí suntasacha a chur ar fáil do thíortha san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin (ACC), go mbaineann

[8] Cipollina, M., ‘The Trade Growth under the EU–SADC Economic Partnership Agreement: An Empirical Assessment’. *Economies* Imleabhar 10, Uimh. 12, 2022.

dúshláin agus míbhuntáistí dá gcuid féin leo freisin; á áitiú, dá bhrí sin, go ndéanfadh lucht déanta beartas na tosca sin a mheas go cúramach agus go n-oibríonn siad chun a áirithiú go gcuirfear CCEanna chun feidhme ar bhealach lena n-uasmhéadaítear na tairbhí do na páirtithe uile lena mbaineann;

12. Á mheabhrú gur cheart do na Páirtithe uile gníomhú i gcónaí ar bhonn phrionsabail na dlúthpháirtíochta agus an leasa fhrithpháirtigh chun comhar tairbheach a fheabhsú, a ngealltanais agus a n-oibleagáidí a chomhlíonadh agus acmhainneacht thíortha SADC CCE a éascú chun leanúint den Chomhaontú a chur chun feidhme;

***Bacainní teicniúla ar an trádáil***

13. Á mheabhrú go bhfuil sé mar aidhm ag CCE SADC comhtháthú réigiúnach a chur chun cinn agus gur cheart go mbeadh an comhaontú ina bhloc tógála do Limistéar Saorthrádála Mór-roinn na hAfraice a seoladh in 2021; ag tabhairt dá haire gur dúshlán don chomhtháthú réigiúnach amanna feithimh fada ag trasnuithe teorann, costais arda teorann agus nascacht trasteorann neamhleor; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar Stáit SADC-CCE comhar a mhéadú i mbonneagar, i dtrádáil dhigiteach agus i ndeimhniú, lena n-áirítear faoin Tionscnamh Global Gateway,á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé tús áite a thabhairt do thionscadail réigiúnacha iompair agus bonneagair sa réigiún chun comhtháthú réigiúnach a dhoimhniú agus chun sreafaí laistigh den trádáil a mhéadú; á mheabhrú gur gá forbairt éifeachtúil bonneagair trasteorann a chur chun cinn, rialacháin a chomhchuibhiú agus comhar a neartú idir Stáit CCE SADC chun réigiún idirnasctha SADC a chruthú; á iarraidh ar Stáit CCE SADC na rialacháin agus na nósanna imeachta a bhaineann le custam agus iompar a chomhchuibhiú chun próisis trasteorann a shimpliú, moilleanna a laghdú agus timpeallacht fhabhrach a chur chun cinn le haghaidh trádála agus infheistíochta;

14. Á chur i bhfáth gur gá socruithe oibre trasteorann a chur ar bhonn foirmiúil chun obair chuibhiúil a chur chun cinn, cearta oibrithe a chosaint agus forbairt shóisialta agus eacnamaíoch a áirithiú sa réigiún; ag aithint na ndúshlán sonrach atá le sárú ag mná, go háirithe i gcomhthéacs na hoibre trasteorann, lena n-áirítear foréigean inscnebhunaithe agus éilliú;

15. Ag tathant ar an gCoimisiún agus ar Stáit CCE SADC a dtiomantas a leathnú maidir le timpeallacht chumasúcháin a chruthú a thacaíonn le soghluaisteacht an lucht saothair atá de réir an dlí agus trédhearcach, agus cearta agus dínit na n-oibrithe á gcoimirciú ag an am céanna;

***Rialacha tionscnaimh***

16. Á chur in iúl gur geal léi an fógra ón gCoimisiún maidir le carnadh réigiúnach a ghníomhachtú le tíortha Aontas Custaim Dheisceart na hAfraice (SACU); á mheabhrú go bhfuil sé ríthábhachtach rialacha solúbtha tionscnaimh a thabhairt isteach chun cuspóirí an chomhtháthaithe réigiúnaigh a bhaint amach; á chur i bhfáth nach mór do rialacha tionscnaimh cuspóirí Limistéar Saorthrádála Mór-roinne na hAfraice (AfCFTA) a chur chun cinn; á mheabhrú gur cheart do CCE tacú le AfCFTA a fhorbairt tuilleadh;

***Díospóidí trádála agus saincheisteanna maidir le rochtain ar an margadh***

17. ag tabhairt dá haire gurb ann do bhacainní trádála i ndáil le bearta sláintíochta agus fíteashláintíochta (SPS), go háirithe maidir le héanlaith chlóis agus torthaí citris; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar Stáit CCE SADC leas a bhaint as na fóraim agus na sásraí comhair a comhaontaíodh faoi CCE chun aghaidh a thabhairt ar athruithe ar rialacháin SPS ag céim luath agus in atmaisféar comhoibritheach ionas gur féidir gníomhaíocht iomchuí a dhéanamh go tráthúil; á mheabhrú gur cheart Parlaimint na hEorpa a chur ar an eolas go hiomlán faoi chuimsiú an athbhreithnithe lena n-áiritheofar go mbeidh na bearta SPS a chuireann an Afraic Theas i bhfeidhm i gcomhréir le ceanglais an Aontais agus le forálacha CCE agus nach ndéanfaidh siad dochar do shláinte plandaí tháirgeadh an Aontais agus SADC; ag aithint go bhfuil tacaíocht theicniúil agus airgeadais tugtha ag an gCoimisiún do Stáit AE-SADC CCE chun ceanglais bhearta SPS a chomhlíonadh agus á iarraidh go ndéanfar faireachán críochnúil ar an obair chun rioscaí sláinte a laghdú; á mholadh go lorgófaí réitigh ar bhacainní trádála, arb iad ceanglais SPS is cúis leo, trí phlé polaitiúil ardleibhéil;

*Fothú acmhainneachta*

18. ag tabhairt dá haire go bhfuil rialachas agus acmhainneacht fhioscach agus institiúideach fós ar na dúshláin is mó atá roimh chur chun feidhme éifeachtach EPA;

19. Á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá an comhar agus an cúnamh teicniúil agus airgeadais a fhorbairt mar thosca riachtanacha chun na cuspóirí faoi CCE a bhaint amach agus chun comhar tairbhiúil idir na Páirtithe a bhaint amach;

20. Á mheabhrú go bhféadfadh sé a bheith dúshlánach do thíortha níos lú ACC nach bhfuil acmhainní agus bonneagar acu chun CCEnna a chur chun feidhme; á iarraidh ar an Aontas agus ar a Bhallstáit cabhrú lena dtíortha comhpháirtíochta i mbéal forbartha ionas gur féidir leo leas iomlán a bhaint as na deiseanna a chuirtear ar fáil le CCEnna;

21. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit dlús a chur lena n-iarrachtaí maidir le cúnamh teicniúil; á iarraidh ar an gCoimisiún a chumarsáid agus a chomhar le Stáit CCE SADC a leathnú go suntasach agus tacaíocht thráthúil a thabhairt dóibh agus, i gcás inarb iomchuí, dá gcuideachtaí agus d’eagraíochtaí na sochaí sibhialta, chun tionscadail AE atá ar na bacáin a chur chun feidhme agus chun gealltanais idirnáisiúnta eile a chomhlíonadh amhail na Comhaontuithe Iltaobhacha Comhshaoil, Coinbhinsiúin na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (ILO) agus Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine;

*Forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chomhshaoil*

22. Á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim nár éirigh le CCE slabhraí luacha réigiúnacha a dhoimhniú ná iad siúd i Stáit CCE SADC agus eatarthu go haon mhéid suntasach, ach gur cheart di éagsúlú onnmhairí agus slabhraí breisluacha réigiúnacha a neartú, chomh maith le slabhraí soláthair níos athléimní a chruthú a bheadh ábalta dul in oiriúint do shuaitheadh amach anseo ar fhorbairt shocheacnamaíoch SADC; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé slabhraí luacha réigiúnacha a fhorbairt d’athléimneacht eacnamaíoch an réigiúin; ag dréim leis go rannchuideoidh CCE ar bhealach níos fearr le fadhbanna marthanacha na ceannasachta bia agus laghdú na bochtaineachta a chomhrac i Stáit SADC-CCE; á mheabhrú gurb é cuspóir CCEanna éifeachtaí dearfacha a chruthú ar an bhforbairt eacnamaíoch agus ar an gcomhtháthú réigiúnach; á chur i bhfáth go bhfuil acmhainneacht mhór fós ag CCE forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn agus gur

cheart é sin a shaothrú mar thosaíocht;

23. Á chur i bhfios go láidir gur mian léi spás beartais leordhóthanach a fhágáil do Stáit CCE SADC chun breisluach áitiúil a chruthú; á chreidiúint gur cheart don Aontas tacú go gníomhach le Stáit CCE SADC ina n-iarrachtaí bogadh suas sa slabhra luacha; á chur i bhfáth go bhfuil bainistiú éifeachtach ar speisialtóireacht réigiúnach bunriachtanach chun acmhainneacht na slabhraí luacha réigiúnacha a uasmhéadú agus go bhfuil gá le struchtúir agus beartais rialachais chomhoibritheacha; á iarraidh ar Stáit CCE SADC agus AE oibriú chun bonneagar digiteach ardcháilíochta a fhorbairt, lena n-áirítear líonraí leathanbhanda agus ardáin dhigiteacha, chun nascacht a fheabhsú, ríomhthráchtáil a chur chun cinn agus malartú faisnéise agus seirbhísí thar theorainneacha a éascú;

24. Á chur i bhfios go láidir a ríthábhachtaí atá slabhra luacha na seirbhísí chun fás eacnamaíoch a spreagadh, nuálaíocht a chothú agus comhar réigiúnach a fheabhsú laistigh de réigiún SADC; á thabhairt chun suntais go bhfuil acmhainneacht sna hearnálacha seirbhísí i réigiún SADC, lena n-áirítear seirbhísí airgeadais, turasóireacht agus teileachumarsáid;

25. Á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá tiomantas an Aontais do chomhar iltaobhach agus do leasanna trádála na hEorpa féin a áirithiú, agus aghaidh á tabhairt ag an am céanna ar roinnt de phríomhleasanna thíortha ACP, go háirithe maidir le lánpháirtiú réigiúnach;

26. á mheabhrú an réiteach dhá cholún chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin chánach a eascraíonn as digitiú agus domhandú an gheilleagair, mar a chomhaontaigh comhaltaí Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta/Creat Cuimsitheach G20 um Chreimeadh an Bhoinn agus Aistriú Brabúis;

27. á iarraidh ar an Aontas agus ar a Bhallstáit a áirithiú go bhfuil an t-íosráta cánach corparáide 15 % a comhaontaíodh le haghaidh fiontair ilnáisiúnta ar an leibhéal domhanda á chur i bhfeidhm go héifeachtach; á chur i bhfios go láidir go meastar go nginfidh an cháin íosta sin thart ar USD 150 billiún d'ioncam breise cánach ar domhan gach bliain;

28. Ag iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go mbeidh ar chumas tíortha i mbéal forbartha a gcearta a fheidhmiú go huile faoi fhorálacha EDT maidir le cóir speisialta agus dhifreáilte, go háirithe a slándáil bia a áirithiú; á iarraidh ar an gCoimisiún nuashonrú a dhéanamh ar theachtaireacht 2009 uaidh maidir le cóirthrádáil[9];

29. Á chur i bhfáth go bhfuil géarghá le hiarrachtaí comhpháirteacha forleathana a dhéanamh i dtreo an dícharbónaithe agus tacú leis sin le cistiú suntasach, chomh maith le haistrithe teicneolaíochta forleathana a dhéanamh; ag cur béim ar a thábhachtaí atá comhar comhpháirteach chun forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn agus chun an t-athrú aeráide a chomhrac, agus fás eacnamaíoch á chothú ag an am céanna; á chur i bhfáth nach mór do bhunú comhpháirtíochtaí fuinnimh le tíortha réigiún SADC díriú ní hamháin ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe Ghlais san Eoraip, ach nach mór é a

[9] Teachtaireacht ón gCoimisiún an 5 Bealtaine 2009 dar teideal 'Rannchuidiú leis an bhForbairt Inbhuanaithe: Ról na Cóirthrádála agus na scéimeanna dearbhaithe inbhuanaitheachta neamhrialtasacha a bhaineann le trádáil (COM(2009)0215).

bheith d'aidhm aige ag an am céanna an réigiún a sholáthar;

30. Á athdhearbhú go bhféadfadh an t-aistriú glas a bheith ina ghineadóir post ardcháilíochta agus glas a d'fhéadfadh cur go mór le díothú na bochtaineachta agus leis an gcuimsiú sóisialta, i mBallstáit AE agus i Stáit CCE SADC araon;

31. Ag leagan béim ar a thábhachtaí atá sé infheistíocht a dhéanamh san oideachas agus san fhorbairt scileanna atá saincheaptha d'iarrachtaí dícharbónaithe, agus aghaidh á tabhairt ag an am céanna ar dhúshláin an aistrithe chóir;

32. Á mheas go bhfuil tionscadail chun feabhas a chur ar bhonneagar áitiúil i dtíortha atá in SADC CCE i ndáil le comhpháirtíochtaí cathrach úsáideach chun taca a chur faoi chomhpháirtíochtaí aeráide idir an tAontas agus Stáit aonair atá in SADC CCE ar bhealach díláraithe, agus chun malartuithe idir bardais i nDeisceart na hAfraice agus san Aontas a dhoimhniú; á chur in iúl go bhfuil sí suite de go bhfágann malartuithe bardasacha gur féidir le saineolaithe ón Afraic agus ón Eoraip réitigh atá iomchuí ó thaobh fadhbanna de a fhorbairt chun bonneagar áitiúil a fhorbairt; á chur in iúl gur geal léi go dtacaíonn an clár 'Údaráis Áitiúla: Comhpháirtíochtaí le haghaidh cathracha inbhuanaithe 2020' le tionscadail chomhpháirtíochta den chineál sin; á iarraidh ar an gCoimisiún leanúint de chúnamh a thabhairt do thíortha SADC CCE chun ceanglais bheartais chomhshaoil AE a chomhlíonadh agus an clár cistiúcháin sin a choinneáil; ag tathant ar an gCoimisiún, ar an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí agus ar thoscaireachtaí AE idirphlé a éascú agus é mar aidhm leis comhthuiscint a chur chun cinn maidir le tionchar thionscnaimh aeráide AE, amhail an Rialachán maidir leis an Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha (CBAM) agus an Rialachán maidir le Dífhoraoisiú a thabhairt isteach, agus reachtaíocht díchill chuí an Aontais atá ar na bacáin;

33. á chur i bhfáth go bhfuil tionchar ar leith ag tionchair an athraithe aeráide ar Stáit SADC EPA; á mheabhrú go ndéanann tuilte agus triomaigh araon difear don talmhaíocht i nDeisceart na hAfraice; ag tathant ar an gCoimisiún agus ar Stáit SADC EPA dlús a chur lena gcomhar maidir le córais réamhrabhaidh iomchuí agus comhordú a fhorbairt idir aireachtaí ábhartha Stáit SADC EPA chun cuspóirí na Rannchuidithe arna gCinneadh go Náisiúnta a bhaint amach;

34. á chur in iúl gur geal léi iarrachtaí Stáit SADC EPA agus an Choimisiúin comhar níos dlúithe a bhunú maidir le córais bhia athléimneacha agus biafhlaitheas laistigh den phróiseas athbhreithnithe; á mheas gur deis é an comhar sin chun Dearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na dTuathánach agus Daoine Eile atá ag Obair i gCeantair Thuaithe agus Coinbhinsiúin ILO atá dírithe ar an talmhaíocht a chur chun cinn amhail Uimh. 129 maidir le cigireacht saothair sa talmhaíocht, Uimh. 10 maidir le haois íosta sa talmhaíocht agus Uimh. 11 maidir leis an gceart comhlachais sa talmhaíocht; á mheabhrú gur aithníodh cumas na hagra-éiceolaíochta na gnéithe eacnamaíocha, comhshaoil agus sóisialta den inbhuanaitheacht a thabhairt chun réitigh i dtuarascálacha suntasacha ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide agus ón Ardán Idir-Rialtasach maidir le Beartas Eolaíochta um Sheirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais, agus ón mBanc Domhanda agus ón measúnú talmhaíochta domhanda (IAASTD) faoi stiúir FAO;

35. Á chur i bhfáth go bhfuil gá féachaint le slabhraí luacha atá athléimneach ó thaobh na

haeráide de a thógáil laistigh den agraithionscal agus chun cineálacha barr atá frithsheasmhach in aghaidh triomaigh agus teicnící próiseála atá oiriúnaithe don aeráid a fhorbairt;

36. Ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil rochtain ar uisce glan agus ar shaoráidí sláintíochta bunriachtanach d'inbhuanaitheacht talmhaíochta; á chur i bhfáth go bhfuil gá le straitéisí cuimsitheacha bainistithe uisce; ag cur béim ar an bhfíoras gur bac ar fhorbairt inbhuanaithe é an easpa rochtana ar uisce glan agus ar shláintíocht i réigiún SADC;

37. Á iarraidh go ndéanfaí tionscnaimh agraiphróiseála réigiúnacha a chur i gcrích agus a chomhroinnt i measc Stáit CCE SADC chun malartú eolais agus comhroinnt dea-chleachtas a chur chun cinn; á iarraidh go ndéanfaí faireachán ar an dul chun cinn atá déanta i slabhraí luacha réigiúnacha sa phróiseáil talmhaíochta;

***Inscne***

38. Ag aithint ról ríthábhachtach na mban i bhforbairt eacnamaíoch réigiún SADC agus a thábhachtaí atá sé timpeallacht chumasúcháin a chruthú lena ndéanfar a gcearta a chosaint; á iarraidh ar an gCoimisiún tús áite a thabhairt do shaincheisteanna inscne i gcomhthéacs chur chun feidhme CCE, mar shampla trí cheardlanna a eagrú maidir le comhionannas inscne idir, inter alia, eagraíochtaí um chearta na mban san Aontas agus i dtíortha SADC, trí fheasacht na n-údarás intíre agus na gcuideachtaí a ardú maidir leis an acmhainneacht eacnamaíoch neamhshaothraithe a eascraíonn as idirdhealú in aghaidh na mban agus trí chabhrú leo na gníomhaithe polaitiúla, eacnamaíocha agus sóisialta a chuireann bac ar dhul chun cinn na mban san Afraic a shainaithint agus á iarraidh go mbeadh beartais agus gníomhaíochtaí nithiúla ann chun an bhearna inscne a dhúnadh; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé mná agus daoine óga i réigiún SADC a chumhachtú trína rochtain ar mhaoiniú, ar acmhainní agus ar rannpháirtíocht eacnamaíoch a fheabhsú; á iarraidh ar AE agus ar Stáit CCE SADC rochtain chomhionann gan bhac ar sheirbhísí airgeadais agus ar acmhainní airgeadais a áirithiú do mhná agus do dhaoine óga, agus cuimsiú airgeadais a chur chun cinn;

***Infheistíocht***

39. á chur i bhfios gur gá maoiniú glas agus infheistíochtaí glasa a mhéadú go suntasach chun spriocanna Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe agus Chomhaontú Pháras a bhaint amach agus chun an t-aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin atá athléimneach ó thaobh na haeráide de a chur chun cinn i Stáit SADC EPA;

40. Á iarraidh ar Stáit AE agus SADC CCE féachaint go gníomhach ar shásraí nuálacha le haghaidh maoiniú glas, lena n-áirítear bannaí glasa, cistí infheistíochta atá dírithe ar an aeráid agus comhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha, ardáin idirnáisiúnta a ghiaráil chun infheistíochtaí a mhealladh i dtionscadail inbhuanaithe atá athléimneach ó thaobh na haeráide de; á iarraidh ar an Aontas an tionchar atá aige a ghiaráil maidir le cleachtais mhaoinithe fheabhsaithe a fháil ó institiúidí amhail an Banc Domhanda agus feabhas a chur ar ról an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta maidir le fiachas tíortha a bhfuil fiachais ollmhóra acu a laghdú agus á iarraidh, dá bhrí sin, ar an Aontas agus ar na Ballstáit a dtionchar a úsáid chun cineálacha cur chuige nua a fhiosrú lena gcuirfear maoiniú ar fáil le haghaidh oiriúnú don athrú aeráide; ag cur béim ar an ngá atá le bearta réamhghníomhacha chun leanúint d'infheistíochtaí méadaithe a mhealladh, go háirithe in earnálacha straitéiseacha agus nuálacha, a bhféadfadh torthaí ardcháilíochta a bheith

mar thoradh orthu agus forbairt níos inbhuanaithe a chothú, a bhféadfadh tairbhí fadtéarmacha a bheith mar thoradh orthu do Stáit CCE SADC agus don Aontas araon; ag tathant, thairis sin, ar Stáit CCE AE agus SADC féachaint go comhpháirteach ar dheiseanna nuálacha maoinithe amhail iasachtaí a fháil agus iad a leithdháileadh ina dhiaidh sin faoi choinníollacha iomchuí chun bonneagar poiblí a mhaoiniú i réimsí ríthábhachtacha amhail fuinneamh, soláthar uisce, diúscairt dramhaíola agus athchúrsáil;

41. Á iarraidh ar an Aontas agus ar a Bhallstáit dlús a chur lena n-iarrachtaí ag fóraim idirnáisiúnta, lena n-áirítear EDT, chun tacú le maoiniú méadaithe idirnáisiúnta don aeráid;

42. ag tabhairt dá haire go bhfuil stoc infheistíochta Bhallstáit AE i Stáit SADC EPA i bhfad níos airde ná stoc infheistíochta na Stát Aontaithe nó na Síne;

43. Á mheas, thairis sin, go bhfuil géarghá le hinfheistíocht inbhuanaithe a mhéadú i réigiún SADC agus ag dréim leis go sainaithneofar réimsí infheistíochta a bhfuil cuma orthu go bhfuil siad an-oiriúnach do chomhpháirtíochtaí infheistíochta idir an tAontas agus Stáit CCE SADC; á iarraidh go mbeadh cur chuige níos comhordaithe ag Foireann na hEorpa maidir le bearta oiriúnacha a shainaithint agus a chur chun feidhme chun infheistíocht a mhéadú; á chur i bhfáth go bhfuil gá le hinfheistíochtaí ollmhóra chun tacú le bonneagar agus le héagsúlú ar shiúl ón spleáchas ar thráchtearraí príomhúla i dtreo táirgí tionsclaíocha ardluacha chun na SDGanna a bhaint amach; á chur i bhfáth gur cheart beartas infheistíochta AE a bheith ag cabhrú le tíortha i mbéal forbartha, go háirithe tíortha san Afraic, chun infheistíocht dhíreach choigríche a mhealladh agus an bhearna chistiúcháin a laghdú chun na SDGanna a bhaint amach; ag cur béim ar an bhfíoras nach mór cruthú post cuibhiúil a bheith ina phríomhthoisc chun tacú le hinfheistíocht i réigiún SADC, lena gcumasófar creataí láidre intíre do chearta an duine agus do dhícheall cuí comhshaoil; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé ról a thabhairt do chuideachtaí áitiúla nuair is féidir sa phróiseas cur chun feidhme chun cistí infheistithe a choinneáil sa réigiún, borradh a chur faoin bhfostaíocht agus aistriú scileanna a éascú; á chreidiúint gur cheart cistí na Tairsí Domhanda a mhéadú agus nach mór sciar na ndeontas le haghaidh infheistíochtaí poiblí atá chomh riachtanach céanna a mhéadú;

44. Á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a áirithiú, agus tionscadail na Tairsí Domhanda á roghnú agus tacaíocht á tabhairt dóibh, gur gá an t-idirphlé sóisialta a bheith ina dhlúthchuid den chreat institiúideach le haghaidh ceapadh beartais agus cur chun feidhme ar gach leibhéal;

45. Á iarraidh ar an gCoimisiún comhordú níos fearr a dhéanamh ar ghníomhaireachtaí creidmheasa onnmhairiúcháin náisiúnta aonair Bhallstáit AE chun ailíniú le tosaíochtaí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip;

46. Á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) i bhforbairt eacnamaíoch Stáit SADC, agus aitheantas á thabhairt dá n-acmhainneacht agus dá ról; á athdhearbhú gur gá feasacht a mhúscailt maidir le tairbhí agus deiseanna an chomhaontaithe, go háirithe do FBManna;

47. Ag cur béim ar a thábhachtaí atá sé go mbeadh fiontair na hearnála príobháidí rannpháirteach go réamhghníomhach i gcur chun feidhme CCE AE-SADC agus san fhaireachán a dhéantar air;

48. Á iarraidh ar an gCoimisiún rannpháirtíocht i gcláir forbartha acmhainní agus i dtionscnaimh réigiúnacha a chur chun cinn agus a spreagadh go gníomhach, arb é is aidhm dóibh acmhainneacht infheistíochta agus onnmhairiúcháin a neartú, agus timpeallacht mhargaidh atá níos fabhraí do FBManna á chothú ag an am céanna;

49. Á chur in iúl gur geal léi gur tugadh isteach cláir AE amhail an Clár um Thacaíocht chun Infheistíocht a Fheabhsú agus an Clár um Timpeallacht Ghnó arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar an timpeallacht ghnó agus infheistíochta i Stáit SADC; á iarraidh, sa chomhthéacs sin, go ndéanfaí níos mó maoinithe a bheartú sa chéad tréimhse airgeadais eile chun borradh níos mó a chur faoi fhás agus faoi fhorbairt na hearnála príobháidí, agus chun deiseanna fostaíochta a chruthú don phobal áitiúil, agus ar an gcaoi sin an bhochtaineacht a laghdú;

50. á chur i bhfáth go gcuideoidh creat dlíthiúil agus fioscach atá trédhearcach agus intuartha le comhtháthú réigiúnach a chur chun cinn agus infheistíocht dhíreach choigríche a mhealladh;

*Aontachas Angóla*

51. Ag aithint a thábhachtaí atá SIFA AE-Angóla i dtaca leis an gComhaontú seo mar chur chuige nua chun creat dlíthiúil agus fioscach atá trédhearcach agus intuartha riachtanach a thógáil lena gcothófar dícheall cuí na n-infheisteoirí chun infheistíocht inbhuanaithe agus fhreagrach a mhealladh, agus á thabhairt chun suntais na forálacha a comhaontaíodh maidir le gealltanais i ndáil le hinscne, leis an athrú aeráide agus leis an bhforbairt inbhuanaithe; ag spreagadh tíortha eile sa réigiún SIFanna comhchosúla leis an Aontas a mheas, lena n-áirítear rannchuidithe arna gcinneadh go náisiúnta ina ndearadh; á chur i bhfios go láidir gur cheart do SIFA AE-Angóla rannchuidiú le hinfheistíocht inbhuanaithe a mhealladh agus a leathnú in Angóla, chomh maith le héagsúlú eacnamaíoch a chur chun cinn, agus gealltanais chomhshaoil agus gealltanais maidir le cearta saothair á gcomhtháthú ag an am céanna, agus nár cheart a mhalairt d’éifeacht a bheith aige; á thabhairt chun suntais deiseanna infheistíochta inbhuanaithe san earnáil talmhaíochta aeráid-íogair, infheistíochtaí i bhfuinneamh in-athnuaite agus bonneagar aeráidseasmhach, chomh maith le forbairt scileanna; á iarraidh ar an gCoimisiún tosaíocht a thabhairt do thionscadail chomhair lena gcuirtear chun cinn na gealltanais inbhuanaitheachta a leagtar amach in SIFA AE-Angóla laistigh den Chlár Ilbhliantúil Táscach d’Angóla; á chreidiúint gur féidir le comhaontuithe amhail SIFA AE-Angóla creat dlíthiúil agus eagraíochtúil a chur ar fáil d’infheistíocht inbhuanaithe lena laghdaítear spleáchas Angóla ar ola agus ar ghás; á chur in iúl gur geal léi go n-áirítear in SIFA AE-Angóla gnéithe tábhachtacha de chur chun feidhme praiticiúil infheistíochtaí amhail trédhearcacht agus intuarthacht infheistíochtaí, cuíchóiriú na nósanna imeachta formheasa, bunú pointí fócasacha infheisteoirí leasmhara, nósanna imeachta chun díospóidí a sheachaint agus a réiteach agus dícheall cuí na n-infheisteoirí; á iarraidh ar AE agus ar Stáit CCE SADC a mheas ar cheart go gcomhlánódh Comhaontú um Infheistíocht Inbhuanaithe a Éascú an CCE; á iarraidh ar Stáit CCE SADC dul i mbun caibidlíochta maidir leis an tsaincheist sin, más gá;

52. Á chur in iúl gur geal léi an iarraidh ó Angóla dul isteach in CCE AE-SADC; á chur in iúl go bhfuil súil aici, sa chomhthéacs sin, go gcuirfear tús leis an bpróiseas caibidlíochta gan a thuilleadh moille; á mheas, má ghlacann Angóla páirt in CCE AE-SADC nó in aon ionstraim idirnáisiúnta cheangailteach agus in-fhorfheidhmithe ar leith idir an tAontas agus Stáit SADC, gur cheart SIFA AE-Angóla a oiriúnú dá réir;

53. Á mheabhrú, de réir mheasúnú tionchair an Choimisiúin, go bhfuil saincheisteanna acmhainneachta le sárú ag Angóla maidir le CCE a chur chun feidhme go héifeachtach; á iarraidh ar an gCoimisiún cabhrú le Angóla i bhfothú acmhainneachta;

*Amhábhair*

54. Á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar Stáit CCE SADC an comhar a neartú trí fhóraim fhoirmiúla, chomh maith le comhpháirtíochtaí straitéiseacha maidir le hamhábhair chriticiúla agus treochláir cur chun feidhme, chun soláthar éagsúlaithe agus inbhuanaithe amhábhar tábhachtach a áirithiú le haghaidh na n-aistrithe glasa, digiteacha agus córa, feabhas a chur ar athchúrsáil acmhainní nádúrtha agus bainistiú dramhaíola, tacú le tionscail intíre an slabhra luacha a ardú ó eastóscadh go próiseáil amhábhar agus cleachtais mhianadóireachta fhreagracha a chur chun cinn, go háirithe trí réamhthoiliú feasach an phobail áitiúil a ndéanann tionscadail mhianadóireachta difear dóibh a aithint agus a chur i bhfeidhm agus trí thairbhí a thabhairt feadh an tslabhra soláthair agus táirgthe ina iomláine; á chur in iúl go bhfuil sí suite de gur gá eastóscadh amhábhar a bheith ann agus caighdeáin chomhshaoil, cearta saothair agus cearta an duine á n-urramú, lena n-áirítear cearta na bpobal dúchasach; á iarraidh go mbeadh na geallsealbhóirí ábhartha uile rannpháirteach ar bhonn leanúnach agus leathan, lena n-áirítear pobail áitiúla agus dhúchasacha; ag moladh athchóirithe beartais lena dtugtar aghaidh ar úinéireacht talún agus mianach, ar chearta saothair agus ar cheartas sóisialta chun coinbhleachtaí a mhaolú agus infheistíocht inbhuanaithe a spreagadh; á chur in iúl gur cúis bhuartha di cásanna sáruithe ar chearta an duine agus an t-ardleibhéal damáiste don chomhshaol a dhéanann roinnt cuideachtaí mianadóireachta;

55. Á chur in iúl gur geal léi an Chomhpháirtíocht Straitéiseach leis an Namaib, arb é is aidhm di forbairt hidrigine in-athnuaite agus slabhraí luacha amhábhar criticiúil a thógáil; á mheabhrú gur gá an bonneagar is gá a fhorbairt, amhail saoráidí fuinnimh in-athnuaite, líonraí iompair agus ionaid taighde, chun táirgeadh agus dáileadh hidrigine in-athnuaite a éascú;

56. Á iarraidh, sa chomhthéacs sin, go mbunófaí ardáin comhroinnte eolais agus líonraí taighde chun malartú dea-chleachtas, taithí agus réiteach nuálach idir na Ballstáit a éascú; á mheas go bhfuil sé úsáideach comhar teicneolaíoch a leathnú chuig réimsí eile;

57. Á chur i bhfáth gur bac fadtéarmach sa phróiseas caibidlíochta maidir le CCEanna atá in iarraidh an Aontais cosc a chur ar chánacha onnmhairithe ar amhábhair, ós rud é nach bhfuil cánacha agus dleachtanna onnmhairiúcháin toirmiscthe faoi chóras EDT; á mheabhrú go bhfuil sé de cheart ag tíortha na hAfraice amhábhair a rialú ar mhaithe le leas an phobail; á iarraidh, dá réir sin, ar an Aontas staonadh ó bheartas trádála a ghlacadh lena gcuirtear, mar riail ghinearálta, cosc ar thíortha i mbéal forbartha cánacha onnmhairithe a ghearradh ar amhábhair, a mhéid agus a luíonn sé seo le rialacha EDT;

*Tarscaoileadh TRIPS*

58. Ag tabhairt dá haire nach mar a chéile a glacadh ar dtús leis an togra bunaidh, inter alia, tarscaoileadh India agus na hAfraice Theas i ndáil le Gnéithe de Chearta Maoine Intleachtúla a bhaineann le Trádáil (TRIPS) le haghaidh vacsaíní in aghaidh COVID ach gur thacaigh an tAontas leis ina dhiaidh sin; á chur i bhfáth gur cheart go mbeadh níos mó idirphlé i gceist leis an gcomhpháirtíocht chomhionann amach anseo; á iarraidh ar an Aontas agus ar a Bhallstáit agus ar Chomhaltaí EDT dul chun leis an bplé, a cheart

a bheith déanta le fada in EDT, maidir le síneadh a chur le cinneadh TRIPS ón 12ú Comhdháil Aireachta chun na solúbthachtaí a comhaontaíodh ar leibhéal EDT a leathnú chun táirgí teiripeacha agus diagnóisic a chumhdach; sa chomhthéacs sin, iarrann sí ar an gCoimisiún creat beartais soiléir a chur ar bun chun a áirithiú go mbeidh córas ceadúnúcháin éigeantach an Aontais amach anseo i gcomhréir le solúbthachtaí TRIPS a comhaontaíodh; á iarraidh go mbeadh comhar comhionann níos láidre ann le Stáit CCE SADC sa chomhthéacs sin;

59. Á chur in iúl gur geal léi na hiarrachtaí a rinneadh laistigh den Chomhpháirtíocht Straitéiseach idir an tAontas agus an Afraic Theas chun bonneagar táirgthe vacsaíní a thógáil; á chur i bhfáth nach mór táirgeadh vacsaíní COVID-19 a áireamh sa bhonneagar sin;

°

° °

60. Á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí Stáit Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche Chomhphobal Forbraíochta Dheisceart na hAfraice.

29.11.2023

## TUAIRIM ÓN GCOISTE UM FHORBAIRT

chuig an gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta

maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Eacnamaíche (CCE) idir an tAontas agus Comhphobal Forbraíochta Dheisceart na hAfraice (SADC)
(2023/2065(INI))

Rapóirtéir don tuairim: Karsten Lucke

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Fhorbairt ar an gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. á chur in iúl gur geal léi an chéad mheastóireacht ex post den Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche (CCE) idir an tAontas agus Comhphobal Forbraíochta Dheisceart na hAfraice (SADC) á chur i bhfáth go bhfuil sé beartaithe ag CCE trádáil agus infheistíocht a dhéanamh chun rannchuidiú le sprioc na forbartha inbhuanaithe ó thaobh a gnéithe eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil de; ag tabhairt dá haire, áfach, go bhfuil go leor dúshlán fós ann i dtíortha comhpháirtíochta SADC i ndáil le héagsúlú eacnamaíoch, iomaíochas, fás, an smacht reachta, bochtaineacht a laghdú, cearta saothair, grabáil talún agus cosaint an chomhshaoil;

2. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá an comhar agus an cúnamh teicniúil agus airgeadais a fhorbairt mar thosca riachtanacha chun na cuspóirí faoi CCE a bhaint amach agus chun comhar tairbhiúil idir na Páirtithe a bhaint amach;

3. á chur i bhfios go bhfuil gnéithe suntasacha den chomhtháthú réigiúnach agus foréigiúnach in CCE AE-SADC, ós rud é gur ionstraim chumhachtach é sin chun cuspóirí an chomhaontaithe a bhaint amach; á chur i bhfáth nach mór do CCE AE-SADC tacú le comhtháthú réigiúnach agus foréigiúnach, slabhraí luacha réigiúnacha a chur chun cinn in SADC agus san Afraic ar bhonn níos leithne, agus ar deireadh tíortha atá i mbéal forbartha a chomhtháthú i ngeilleagar an domhain ar bhealach inbhuanaithe; á chur i bhfáth, thairis sin, nach mór do chomhar AE maidir le hairgeadas forbartha le tíortha SADC cuidiú lena gcomhar eacnamaíoch réigiúnach agus lena n-iarrachtaí lánpháirtíochta i mbealach a chuireann borradh faoin trádáil níos leithne laistigh den Afraic;

4. ag aithint gur cheart do thíortha comhpháirtíochta SADC tairbhe a bhaint as CCE, ós rud é go gcuirfidh sé lena gcumas borradh a chur faoin éagsúlú eacnamaíoch agus táirgí monaraithe breisluacha a tháirgeadh; á chur i bhfios gur cheart do CCE rannchuidiú le slabhraí luacha a éagsúlú i dtíortha SADC agus ina ngeilleagair, rud a fhágann gur gá rialacha trádála domhanda atá cothrom agus ar son na forbartha a bheith ann; á chur i bhfios, thairis sin, gur cheart dó beartais trádála agus forbartha a spreagadh atá bunaithe ar chearta an duine, an smacht reachta agus an daonlathas a chur chun cinn, poist áitiúla

agus breisluach a chruthú agus cabhrú le héagothromaíochtaí a chomhrac agus, ar deireadh, an t-ocras agus an bhochtaineacht a laghdú agus a dhíothú ar bhealach inbhuanaithe;

5. á chur i bhfios go láidir na deacrachtaí airgeadais agus teicniúla a bhíonn ag fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) áitiúla maidir le rialacháin agus caighdeáin AE a chomhlíonadh, ar rialacháin agus caighdeáin iad is gá sula n-onnmhairítear chuig margadh AE iad, rud a d'fhéadfadh formhór FBManna a eisiamh ó thairbhí CCE; á chur i bhfáth gur gá cúnamh leormhaith a chur ar fáil do FBManna chun a áirithiú go ndéanann siad ceanglais AE agus rochtain ar mhargaí AE a chomhlíonadh, agus chun feasacht a mhúscailt maidir le cuótaí rátaí taraife a úsáid;

6. á chur i bhfáth gur cheart do CCE rannchuidiú le feabhas a chur ar iomaíochas agus ar fhás eacnamaíoch inbhuanaithe i dtíortha atá in SADC CCE a bhuí le córas cóir trádála agus infheistíochta lena gcuirtear san áireamh éagothromaíochtaí i leibhéal na forbartha idir AE agus a chomhpháirtithe SADC CCE;

7. á chur i bhfáth gur bac fadtéarmach sa phróiseas caibidlíochta maidir le CCEnna atá in iarraidh an Aontais cosc a chur ar chánacha onnmhairithe ar amhábhair, ós rud é nach bhfuil cánacha agus dleachtanna onnmhairiúcháin toirmiscthe faoi chóras EDT; á mheabhrú go bhfuil sé de cheart ag tíortha na hAfraice amhábhair a rialú ar mhaithe le leas an phobail; á iarraidh, dá réir sin, ar an Aontas Eorpach staonadh ó bheartas trádála a ghlacadh lena gcuirtear, mar riail ghinearálta, cosc ar thíortha i mbéal forbartha cánacha onnmhairithe a ghearradh ar amhábhair, a mhéid agus a luíonn sé seo le rialacha na hEagraíochta Domhanda Trádála;

8. á mheabhrú go raibh tionchar ag an bpaindéim ar thíortha SADC EPA mar gheall ar ioncam fioscach laghdaithe, mar shampla, trí laghdú ar ghníomhaíocht eacnamaíoch agus luaineacht praghsanna amhábhar agus sreafaí trádála; á chur i bhfios go láidir, sa chomhthéacs sin, a thábhachtaí atá dea-rialachas agus cúnamh chun acmhainneacht a fhothú don fhorbairt inbhuanaithe, go háirithe i ndáil le córais fhioscacha inbhuanaithe a bhunú agus imghabháil cánach a chomhrac, chun cabhrú le hacmhainneacht fhioscach le haghaidh fhorbairt bhreise eacnamaíoch agus shóisialta a scaoileadh agus chun an comhshaol a chosaint; á mheabhrú gur gá don Aontas tacú go láidir le neartú na n-institiúidí agus le fothú cuimsitheach acmhainní in earnáil phoiblí na dtíortha comhpháirtíochta;

9. á chur i bhfáth gur cheart do CCE tacú le dinimic nua trádála idir na Páirtithe trí bhíthin léirscaoileadh neamhshiméadrach trádála de réir a chéile eatarthu; á chur i bhfáth freisin gur féidir léi an comhar a threisiú, a leathnú agus a dhoimhniú i ngach réimse atá ábhartha don trádáil agus, dá bhrí sin, feabhas a chur ar an gcomhpháirtíocht idir tíortha SADC agus an tAontas; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá prionsabal an léirscaoilte trádála neamhshiméadrach mar uirlis chun fás eacnamaíoch agus forbairt inbhuanaithe thíortha SADC CCE a chothú;

10. á iarraidh ar AE a áirithiú go ranncuideoidh CCE le creat rialála réigiúnach éifeachtach, intuartha agus trédhearcach a bhunú don trádáil agus don infheistíocht, agus lánurraim á tabhairt do chomhaontuithe agus treoirlínte idirnáisiúnta ábhartha; ag cur béim ar an bhfíoras nach mór do CCEnna rannchuidiú go dearfach le cur chun

feidhme Limistéar Saorthrádála Mór-roinn na hAfraice (AfCFTA) agus le caipiteal príobháideach a mhealladh, chomh maith le slabhraí luacha réigiúnacha athléimneacha agus inbhuanaithe a thógáil, agus ar an gcaoi sin borradh a chur faoin trádáil laistigh den Afraic agus í a éagsúlú, rud atá fíor-riachtanach chun forbairt inbhuanaithe fhadtéarmach a chothú agus chun spriocanna Chlár Oibre 2030 a bhaint amach; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim gur cheart go mbeadh forbairt creataí rialála ag gabháil le tacaíocht AE do AfCFTA, lena gcloífear le dianchaighdeáin shóisialta agus chomhshaoil;

11. á mheabhrú go bhfuil raon feidhme teoranta ag caibidil reatha CCE maidir le forbairt inbhuanaithe um thrádáil (TSD) a bhaineann le gealltanais cheangailteacha agus forálacha maidir le hidirphlé leis an tsochaí shibhialta; á chreidiúint gur cheart do CCEnna caibidil maidir le forbairt inbhuanaithe éigeantach agus in-fhorfheidhmithe a chomhtháthú go córasach, ar caibidil í lena léirítear na caighdeáin saothair agus chomhshaoil is airde chun spriocanna Chlár Oibre 2030 a bhaint amach, lena mbaineann, mar shampla, gealltanais láidre inbhuanaitheachta a bhaineann le Comhaontú Pháras maidir leis an Athrú Aeráide, Creat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal, bunchaighdeáin saothair idirnáisiúnta, agus comhionannas inscne agus cumhachtú na mban a chur san áireamh; á mheabhrú, go háirithe, chun a bheith éifeachtach, gur cheart caibidil TSD a chumhdach leis an sásra um réiteach díospóidí; á chur in iúl gur geal léi comhtháthú chaibidil TSD in CCE an Aontais leis an gCéinia; ag tathant ar an gCoimisiún cur leis an méid sin agus iarracht a dhéanamh caibidil CCE maidir le TSD a neartú sa phróiseas athbhreithnithe leanúnach ar SADC CCE;

12. á mheabhrú a thábhachtaí atá sé eisceachtaí a cheadú ó phrionsabal na cóireála náisiúnta agus ón oibleagáid cánacha onnmhairiúcháin a dhíothú chun na naíthionscail atá ríthábhachtach chun go n-éagsúlaítear geilleagair na dtíortha comhpháirtíochta a chur chun cinn agus a chosaint, agus ar an gcaoi sin borradh a chur faoina bhforbairt i gcomhréir le hAirteagal XVII:C agus le hAirteagal XXIV den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil;

13. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé ról leathan, córasach agus fóinteach a thabhairt do chomhpháirtithe forbartha, don tsochaí shibhialta áitiúil agus réigiúnach, don lucht acadúil, do cheardchumainn agus d'ionadaithe ón earnáil phríobháideach i gcur chun feidhme, faireachán agus meastóireachtaí *ex post* CCE chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh CCE riachtanais an phobail agus bunphrionsabail na forbartha inbhuanaithe á ráthú ag an am céanna; ag tabhairt dá haire go bhfuil raon feidhme fhorálacha CCE maidir le hidirphlé leis an tsochaí shibhialta teoranta i gcomparáid le comhaontuithe trádála eile de chuid AE a rinneadh le déanaí; á chur i bhfáth gur gá feabhas a chur ar ról comhairleach na sochaí sibhialta; á iarraidh go mbunófaí sásra foirmiúil le haghaidh rannpháirtíocht na sochaí sibhialta, agus á mheabhrú ag an am céanna gur féidir ardáin reatha, amhail creataí faireacháin náisiúnta il-gheallsealbhóra Chlár Oibre 2063 an Aontais Afracaigh, a ghiaráil freisin le haghaidh rannpháirtíocht leis an tsochaí shibhialta i gcomhthéacs CCE;

14. á chur i bhfios go láidir, cé gur féidir le CCEnna buntáistí suntasacha a chur ar fáil do thíortha san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin (ACC), go mbaineann dúshláin agus míbhuntáistí dá gcuid féin leo freisin; á áitiú, dá bhrí sin, go ndéanfadh lucht déanta beartas na tosca sin a mheas go cúramach agus go n-oibríonn siad chun a

áirithiú go gcuirfear CCEnna chun feidhme ar bhealach lena n-uasmhéadaítear na tairbhí do na páirtithe uile lena mbaineann;

15. á mheabhrú gur cheart do na Páirtithe uile gníomhú i gcónaí ar bhonn phrionsabail na dlúthpháirtíochta agus an leasa fhrithpháirtigh chun comhar tairbheach a fheabhsú, a ngealltanais agus a n-oibleagáidí a chomhlíonadh agus acmhainneacht thíortha SADC CCE a éascú chun leanúint den Chomhaontú a chur chun feidhme;

16. á mheabhrú go bhféadfadh sé a bheith dúshlánach do thíortha níos lú ACC nach bhfuil acmhainní agus bonneagar acu chun CCEnna a chur chun feidhme; á iarraidh ar AE agus ar a Bhallstáit cabhrú lena dtíortha comhpháirtíochta i mbéal forbartha ionas gur féidir leo leas iomlán a bhaint as na deiseanna a chuirtear ar fáil le CCEnna;

17. á mheabhrú gur gá gealltanas a thabhairt maidir le caighdeáin agus comhaontuithe idirnáisiúnta le haghaidh comhar idirnáisiúnta éifeachtach;

18. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá tiomantas AE do chomhar iltaobhach agus do leasanna trádála na hEorpa féin a áirithiú agus aghaidh á tabhairt ag an am céanna ar roinnt de phríomhleasanna thíortha ACC, go háirithe maidir le lánpháirtiú réigiúnach;

19. á mheabhrú an réiteach dhá cholún chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin chánach a eascraíonn as digitiú agus domhandú an gheilleagair, mar a chomhaontaigh comhaltaí Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta/Creat Cuimsitheach G20 um Chreimeadh an Bhoinn agus Aistriú Brabúis;

20. á iarraidh ar AE agus ar a Bhallstáit a áirithiú go bhfuil an t-íosráta cánach corparáide 15 % a comhaontaíodh le haghaidh fiontair ilnáisiúnta ar an leibhéal domhanda á chur i bhfeidhm go héifeachtach; á chur i bhfios go láidir go meastar go nginfidh an cháin íosta sin thart ar USD 150 billiún d’ioncam breise cánach ar domhan gach bliain;

## IARSCRÍBHINN: EINTITIS NÓ DAOINE ÓNA BHFUAIR AN RAPÓIRTÉIR DON TUAIRIM IONCHUR

Dearbhaíonn an Rapóirtéir faoina fhreagracht eisiach nach bhfuair sé ionchur ó aon eintiteas ná ó aon duine atá le lua san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 28.11.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 14<br>–: 1<br>0: 6 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Barry Andrews, Alessandra Basso, Stéphane Bijoux, Mercedes Bresso, Udo Bullmann, Antoni Comín i Oliveres, Ryszard Czarnecki, Charles Goerens, Mónica Silvana González, György Hölvényi, Beata Kempa, Karsten Lucke, Janina Ochojska, Tomas Tobé, Miguel Urbán Crespo |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Benoît Biteau, Ilan De Basso, Malte Gallée, Marlene Mortler |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Peter Jahr, France Jamet |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 14 | + |
|---|---|
| NI | Antoni Comín i Oliveres |
| PPE | György Hölvényi, Peter Jahr, Marlene Mortler, Janina Ochojska, Tomas Tobé |
| Renew | Barry Andrews, Stéphane Bijoux, Charles Goerens |
| S&D | Mercedes Bresso, Udo Bullmann, Ilan De Basso, Mónica Silvana González, Karsten Lucke |

| 1 | - |
|---|---|
| ID | France Jamet |

| 6 | 0 |
|---|---|
| ECR | Ryszard Czarnecki, Beata Kempa |
| ID | Alessandra Basso |
| The Left | Miguel Urbán Crespo |
| Verts/ALE | Benoît Biteau, Malte Gallée |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 24.1.2024 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 34<br>–: 3<br>0: 4 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Barry Andrews, Anna-Michelle Asimakopoulou, Tiziana Beghin, Saskia Bricmont, Jordi Cañas, Daniel Caspary, Paolo De Castro, Markéta Gregorová, Roman Haider, Heidi Hautala, Karin Karlsbro, Miapetra Kumpula-Natri, Danilo Oscar Lancini, Bernd Lange, Margarida Marques, Gabriel Mato, Sara Matthieu, Emmanuel Maurel, Carles Puigdemont i Casamajó, Samira Rafaela, Inma Rodríguez-Piñero, Ernő Schaller-Baross, Helmut Scholz, Joachim Schuster, Sven Simon, Dominik Tarczyński, Kathleen Van Brempt, Marie-Pierre Vedrenne, Jörgen Warborn, Jan Zahradil, Juan Ignacio Zoido Álvarez |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Marek Belka, Michiel Hoogeveen, Liudas Mažylis |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Hildegard Bentele, Izaskun Bilbao Barandica, Paolo Borchia, Włodzimierz Karpiński, Antonio Maria Rinaldi, Domènec Ruiz Devesa, Lucia Vuolo |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 34 | + |
|---|---|
| NI | Tiziana Beghin, Carles Puigdemont i Casamajó, Ernő Schaller-Baross |
| PPE | Anna-Michelle Asimakopoulou, Hildegard Bentele, Daniel Caspary, Włodzimierz Karpiński, Gabriel Mato, Liudas Mažylis, Sven Simon, Lucia Vuolo, Jörgen Warborn, Juan Ignacio Zoido Álvarez |
| Renew | Barry Andrews, Izaskun Bilbao Barandica, Jordi Cañas, Karin Karlsbro, Samira Rafaela, Marie-Pierre Vedrenne |
| S&D | Marek Belka, Paolo De Castro, Miapetra Kumpula-Natri, Bernd Lange, Margarida Marques, Inma Rodríguez-Piñero, Domènec Ruiz Devesa, Joachim Schuster, Kathleen Van Brempt |
| The Left | Emmanuel Maurel, Helmut Scholz |
| Verts/ALE | Saskia Bricmont, Markéta Gregorová, Heidi Hautala, Sara Matthieu |

| 3 | - |
|---|---|
| ECR | Michiel Hoogeveen, Dominik Tarczyński, Jan Zahradil |

| 4 | 0 |
|---|---|
| ID | Paolo Borchia, Roman Haider, Danilo Oscar Lancini, Antonio Maria Rinaldi |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh